Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10062/19**

**ENFOPOL 289**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9533/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de phóilíneacht choisctheach na hEorpa<br>– Conclúidí ón gComhairle (6 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle, maidir le gnéithe áirithe de phóilíneacht choisctheach na hEorpa, a ghlac an Chomhairle ag an 3697ú cruinniú a bhí aici ar an 6 Meitheamh 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de phóilíneacht choisctheach na hEorpa**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Á MHEABHRÚ DI** go bhféachfaidh an tAontas, i gcomhréir le hAirteagal 67(3) CFAE, le hardleibhéal slándála a áirithiú, *inter alia*, trí bhíthin bearta coiscthe agus comhraic coireachta, agus trí bhíthin bearta darb aidhm comhordú agus comhar a dhéanamh idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile,

**Á AITHINT DI** go bhfuil béim leagtha ag treoirlínte straitéiseacha i réimse na slándála inmheánaí[1] ar an tábhacht atá le cosc na coireachta,

**AG CUR SAN ÁIREAMH** na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Slándála Inmheánaí Athnuaite an Aontais Eorpaigh, 2015-2020, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na gníomhaithe ábhartha go léir, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, le múnlú na ndálaí dearfacha slándála san Aontas Eorpach agus ina Bhallstáit agus chun bearta coisctheacha a chur chun cinn, go háirithe trí chur chuige ildisciplíneach comhtháite,

**ÓS EOL DI** i ré soghluaisteachta, go bhfuil na dúshláin ag éirí níos casta, rud a fhágann gur cheart go mbeadh na húdaráis forfheidhmithe dlí de shíor ag oiriúnú a n-iompraíocht d'fhonn cos a choinneáil le dinimic na timpeallachta coiriúla,

1 Tampere 1999, Clár na Háige 2004, Clár Stócólm 2010

**AG AITHINT DI** go bhféadfadh póilíní áitiúla féachaint ar dhifríochtaí teanga agus cultúrtha mar dhúshlán agus iad ag plé le líon mór saoránach as Ballstát eile,

**ÓS DEIMHIN LÉI** gur féidir cuid de na dúshláin teanga agus chultúrtha maidir le líon mór saoránach as Ballstát eile a shárú trí ghnéithe áirithe de phóilíneacht choisctheach na hEorpa, lena mbainfeadh an comhar a mhéadú, go háirithe trí phatróil chomhpháirteacha agus oibríochtaí comhpháirteacha, ina gcuirtear póilíní den náisiúntacht chéanna ag obair taobh le póilíní an Stáit óstaigh,

**AG TABHAIRT DÁ AIRE** go bhfuil dlúthnasc idir an phóilíneacht choisctheach agus cosc na coireachta, lena gcuimsítear gach beart atá beartaithe chun laghdú a dhéanamh ar choireacht agus ar mhothúchán neamhshláine na saoránach nó chun rannchuidiú ar dhóigh eile le laghdú a dhéanamh orthu sin, go cainníochtúil agus go cáilíochtúil, go príomha trí bheartais agus gníomhartha a cheaptar chun baol na coireachta agus cúiseanna coireachta a laghdú, chomh maith le gníomhaíochtaí coiriúla a chosc go díreach,

**AG MEABHRÚ DI** Cinntí Prüm, a chuireann ar chumas na mBallstát patróil chomhpháirteacha agus oibríochtaí comhpháirteacha eile a chur ar bun ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc agus an tslándáil phoiblí a choimeád, chomh maith leis an tslándáil ar chríoch Ballstáit eile a choimeád agus chun cúnamh frithpháirteach a chur ar fáil dá chéile i gcás ollchruinnithe agus imeachtaí móra inchomparáide eile, amhail tubaistí agus tionóiscí tromchúiseacha,

**AG MEABHRÚ DI** na conclúidí ón gComhairle maidir le cóineasú slándála inmheánaí[2] a glacadh le linn Uachtaránacht na Fraince in 2008, lena mbunaítear pearsanra a mhalartú ar bhonn sealadach i measc údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, go háirithe laistigh de chreat na stáisiún póilíní Eorpacha[3], agus iarrann sí ar na comhlachtaí inniúla meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar na bearta a ghlactar,

---

2 An Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile, Deireadh Fómhair 2008
3 Bunaithe ar fhorálacha Chonradh Prüm, agus i bhfeidhm an tráth sin.

**AG AITHINT DI** an breisluach a ghabhann le gníomhaíochtaí oiliúna comhpháirteacha, amhail na cinn siúd a d'fhorbair an Spáinn agus an Fhrainc le chéile (Valdemoro), naisc níos dlúithe a chruthú, idir-inoibritheacht agus eolas frithpháirteach a mhéadú, agus gníomhartha na bhfórsaí forfheidhmithe dlí ag criosanna teorann (comhar trasteorann agus patróil chomhpháirteacha) a fheabhsú,

**Á CHUR SAN ÁIREAMH DI** go bhfuil a mbreisluach léirithe cheana féin ag na cineálacha difriúla patról comhpháirteach atá curtha chun feidhme ag na Ballstáit agus go bhfuil torthaí inláimhsithe infheicthe orthu, chomh maith le réitigh inbhuanaithe maidir leis an tslándáil a fheabhsú,

**AG CUR SAN ÁIREAMH** DI na ranníocaíochtaí ó na Ballstáit a fuair Uachtaránacht na Rómáine sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí,

**MAR FHORBAIRT** ar an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme Chinneadh Prüm sna Ballstáit, agus go háirithe na patróil chomhpháirteacha a tugadh isteach faoi Airteagal 17 de,

**AGUS TUISCINT AICI** ar an tábhacht atá le díriú ar na gnéithe ar leith seo de phóilíneacht choisctheach na hEorpa,

**AG CUR I DTREIS DI** an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha a aithint agus a leithdháileadh, chomh maith le húsáid éifeachtúil straitéiseach a bhaint as na hionstraimí maoiniúcháin atá ar fáil ón Aontas Eorpach i réimse na slándála inmheánaí,

Comhairle an Aontais Eorpaigh

1. **CUIREANN SÍ I DTREIS AN TÁBHACHT** atá le cur chuige coisctheach feabhsaithe i leith modhanna póilíneachta, agus dícheall á dhéanamh cur le limistéir níos sábháilte do gach saoránach Eorpach a fhorbairt,

2. **IARRANN SÍ** ar na Ballstáit úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an gcreat dlíthiúil atá ann cheana féin ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach maidir le póilíní a imscaradh i bpatróil chomhpháirteacha agus in oibríochtaí comhpháirteacha eile d'fhonn slándáil phoiblí a áirithiú i ndáil le náisiúnaigh den Aontas ar chríoch Ballstát eile,

3. **IARANN SÍ** ar na Ballstáit, ar institiúidí an Aontais agus ar ghníomhaireachtaí JHA gealltanas gníomhach a thabhairt cur chun feidhme éifeachtach oibríochtúil gnéithe áirithe den phóilíneacht choisctheach a bhaineann le patróil chomhpháirteacha fheabhsaithe agus oibríochtaí comhpháirteacha idir na Ballstáit a áirithiú, agus iad ag cur ar fáil, de réir mar is gá, póilíní atá oilte go hiomchuí agus a bhfuil an cúlra gairmiúil riachtanach acu chun dul i ngleic leis na gnéithe ar leith a bhaineann le pé cineál comhair a chuimsíonn na patróil chomhpháirteacha,

4. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún ionstraimí airgeadais oiriúnacha a aithint le dul i ngleic le dúshláin dhinimiciúla na timpeallachta Eorpaí, a ghníomhaíochtaí trasteorann agus idirnáisiúnta a chur i gcrích agus a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil agus ar bhealach níos tapúla,

5. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an tábhacht atá le hoiliúint tosaigh leanúnach i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí agus **IARRANN SÍ** ar CEPOL curaclaim spriocdhírithe oiliúna a fhorbairt, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na cleachtóirí náisiúnta, agus comhroinnt dea-chleachtas i measc na mBallstát a chur chun cinn,

6. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** rannpháirtíocht ghníomhach líonraí ábhartha na Meithle um Fhorfheidhmiú an Dlí[4] i bhfeabhsú na póilíneachta coisicthí,

7. **IARRANN SÍ** ar na huachtaránachtaí atá le teacht leanúint den obair sa réimse seo, agus

**IARRANN SÍ** ar an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí measúnú a dhéanamh, pé uair is gá, ar bhreisluach na bpatról comhpháirteach agus na n-oibríochtaí comhpháirteacha eile, agus plé a dhéanamh ar na dúshláin a bhíonn roimh na hinstitiúidí lena mbaineann agus leis na póilíní a imscartar.

---

[4] Treoirlínte a dhréachtú agus dea-chleachtais a mhalartú